An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# An Dara Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha

# Folláine shuibiachtúil san Eoraip

## Achoimre feidhmiúcháin

## Réamhrá

Tá tionchar ag mórán fachtóirí ar an tslí a mbraithimid fúinn féin agus a dhéanaimid measúnú ar cháilíocht ár mbeatha. Tá roinnt acu oibiachtúil: an méid airgid a thuillimid agus cad atá ar ár n-acmhainn, mar shampla. Ach ní hé an caighdeán maireachtála amháin a chineann cáilíocht na beatha atá bainte amach againn. Is cinnte go bhfuil dálaí oibiachtúla nasctha lenár bhfolláine shuibiachtúil, ach ní ar bhealach simplí. Breathnaíonn an tuarascáil seo ar na fachtóirí éagsúla a bhfuil tionchar acu ar leibhéil na folláine suibiachtúil. Déantar iniúchadh ar thionchar na bhfachtóirí déimeagrafacha agus socheacnamaíocha, ar an sláinte, tacaíocht shóisialta agus cáilíocht na sochaithe ina mairimid. Ceistíonn sí a mhéid is atá na fachtóirí seo in ann na héagsúlachtaí breathnaithe i leibhéil na folláine suibiachtúil i dtíortha difriúla a mhíniú. Sa staidéar seo, déantar iniúchadh freisin ar cibé an bhfuil tacaíocht shóisialta agus seirbhísí poiblí maithe in ann tionchar na ndálaí sóisialta agus geilleagracha deacra atá á mbrath ag saoránaigh na hEorpa a laghdú, uaidh sin ag cur le cáilíocht na beatha feabhsaithe.

Tá an tuarascáil bunaithe ar shonraí ón Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha 2007 (EQLS), curtha i dtoll a chéile ag an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), sna 27 Ballstát de chuid an AE (AE27), sna trí tíortha is iarrthóirí iad (TI3) agus san Iorua.

## Comhthéacs beartais

Aithnítear go forleathan go bhfuil gá le táscairí de cháilíochta na beatha a théann níos faide ná na táscairí geilleagracha traidisiúnta, cosúil le holltáirgeacht intíre (OTI). Tá sochaí na hEorpa ag athrú go tapa, mar thoradh ar dhomhandú, ar aosú agus ar an aistriú chuig an ngeilleagar eolasbhunaithe, i measc sciar bheag de na tiománaithe. Is féidir saoldearcadh níos duairce agus leibhéil mhíshástachta níos airde a bheith de thoradh ar na hathruithe seo fiú má léiríonn táscairí geilleagracha fás agus feabhas ginearálta ar dhálaí. Tagann bearna méadaitheach chun cinn idir an íomhá léirithe ag staitisticí agus braistint na ndaoine ar a ndálaí maireachtála féin, agus tá sé riachtanach go ndíreodh beartas air seo. Is féidir leis na torthaí ar thaighde na folláine suibiachtúil cabhrú anseo:

- Léiríonn táscairí na folláine suibiachtúil, cosúil le hinnéacs sonais nó innéacs sásaimh saoil, measúnuithe na ndaoine ar cháilíocht a mbeatha, ag tógáil a luachanna agus a dtosaíochtaí féin san áireamh.

- Féadfaidh leibhéil na folláine suibiachtúil tomhaiste seiceáil sheachtrach a sholáthar ar tháscairí geilleagracha agus féadfaidh siad gníomhú mar bheart ceartaithe.

- Nuair a dhéantar measúnú ar chostais agus ar thairbhí na gcomhroghanna beartais, cruthaíonn na torthaí a ngnóthaítear ó thaighde na folláine suibiachtúil ionchur tábhachtach.

- Is treoir i dtreo dul chun cinn iad athruithe i leibhéil na folláine suibiachtúil, agus is féidir úsáid a bhaint astu chun ratha na mbeartas atá dírithe ar chomhtháthú sóisialta agus ar chuimsiú sóisialta a mhéadú a thomhas.

## Príomhthátail

- Tá ordlathas soiléir ann i sásamh saoil thar grúpaí tíortha, leis na leibhéil is airde sna 15 Ballstát níos sine de chuid an AE (AE15) – go háirithe sna tíortha Nordacha – á leanúint ag na 12 Ballstát nua (BSN12) agus leis na leibhéil is ísle sa TI3.

- Mínítear formhór na ndifríochtaí idir thíortha agus tírghrúpaí le difríochtaí sna dálaí oibiachtúla sna tíortha seo: tréithe déimeagrafacha, fachtóirí socheacnamaíocha, sláinte agus míchumas, tacaíocht shóisialta agus cáilíocht na sochaí.

- Léiríonn anailís ar fholláine shuibiachtúil an tábhacht leanúnach a bhaineann le cúiseanna imní geilleagracha traidisiúnta – cosúil le folláine ábhartha, ioncam agus dífhostaíocht – do cháilíocht na beatha atá ag daoine.

- Don duine aonair, an t-aon táscaire amháin leis an tionchar is mó aige ar shásamh saoil is ea an díothacht: neamhábaltacht earraí agus

seirbhísí stíle maireachtála bunúsacha eile a cheannach toisc nach bhfuil siad ar a n-acmhainn acu. Is í an drochshláinte an dara fachtóir a bhfuil laghdú mór i sásamh saoil mar thoradh uirthi ar fud na dtírghrúpaí uile. Tá ról an-tábhachtach freisin ag dífhostaíocht agus ioncam (go háirithe sa TI3), chomh maith le hoideachas íseal (go háirithe sa BSN12) agus struchtúr teaghlaigh.

- Baineann an tábhacht is mó le hioncam nuair nach fhreastalaítear ar na riachtanais bhunúsacha, mar thoradh ar ísealioncam. Nuair a fhreastalaítear ar na riachtanais bhunúsacha, tá an gaol idir ioncam agus fholláine shuibiachtúil níos laige. Tá an ‘bónas’ sásaimh a bhaineann le hardioncam níos ísle ná an ‘pionós’ sásaimh a bhaineann le hísealioncam.

- Laghdaíonn drochshláinte an fholláine shuibiachtúil faoi thart ar aon phointe amháin ar scála 10-bpointe sna tírghrúpaí uile. Tá tionchar na drochshláinte ar shonas agus ar fholláine mhothúchánach níos mó ná mar atá ar shásamh saoil.

- Tá leibhéil níos airde d’fholláine shuibiachtúla ag daoine atá ar scor ná mar atá acu siúd atá ag obair, nuair a dhéantar cóimheas ar fhachtóirí cosúil le hioncam agus tacaíocht shóisialta. Tugann sé seo le tuiscint gur suntasach an ról atá ag strus oibre agus an dúshlán a bhaineann leis an saol oibre agus an saol teaghlaigh a chomhcheangal i laghdú folláine suibiachtúil na ndaoine atá i bhfostaíocht.

- Feidhmíonn éifeacht an oideachais ar fholláine shuibiachtúil go príomha trína thionchar ar ioncam agus ar chaighdeáin mhaireachtála. Sa BSN12, áfach, comhcheanglaítear leibhéil ísle oideachais go díreach le leibhéil níos ísle sásaimh saoil. Tá sé spéisiúil gur cosúil nach gcuireann leibhéil oideachais níos airde feabhas ar leibhéil na folláine suibiachtúil nuair atá fachtóirí eile á rialú.

- Níl daoine atá ina mbaintreach, atá colscartha nó scartha chomh sásta sin lena saolta, fiú nuair a rialaítear dálaí socheacnamaíocha agus leibhéil leathana na tacaíochta sóisialta. Tá an tionchar diúltach níos mó fós maidir le sonas ná mar atá maidir le sásamh saoil. Faightear an pátrún seo sna tírghrúpaí uile, ach amháin i gcás na mbaintreach sa TI3, agus tá sé níos treise do dhaoine atá colscartha agus scartha ná mar atá do dhaoine atá ina mbaintreach. Braitheann tuismitheoirí aonair nár phós riamh leibhéil níos ísle sásaimh saoil freisin san AE15 agus sa BSN12.

- Tá infhaighteacht na tacaíochta praiticiúil agus morálta ón teaghlach agus ó chairde tábhachtach chun sásamh saoil a fheabhsú do na grúpaí uile san AE15 agus sa BSN12 – ach ní sa TI3. Tá tacaíocht airgeadais, an cumas chun méid suntasach airgid a bhailiú ó dhuine i gcás éigeandála, tábhachtach do dhaoine atá leochaileach agus ag brath díothachta.

- Tá cáilíocht na seirbhísí poiblí tábhachtach i gcoitinne don sásamh saoil agus tá tionchar níos mó fós aici ar fholláine shuibiachtúil na ndaoine atá ag brath díothachta. Tá sé tábhachtach sna tírghrúpaí uile, fad is atá iontaoibh in institiúidí poiblí – an dara thomhas ar cháilíocht sochaí - tábhachtach ach san EU15 agus sa BSN12.

## Leideanna beartais

- Tugann na tátail le tuiscint go bhfuil sé níos tábhachtaí díriú ar chúinsí ábhartha na ndaoine is mó atá faoi míbhuntáiste chun folláine shuibiachtúil agus cáilíocht na beatha a fheabhsú, seachas an meánchaighdeán maireachtála a ardú, cé go bhfuil an sprioc deireanach sin tábhachtach go fóill sa TI3 níos boichte.

- Tá feabhsú ar shláinte an daonra ríthábhachtach chun cáilíocht na beatha a fheabhsú. Seachas beartais chun sláinte a chur chun cinn agus cóir leighis a chur ar thinneas, ba chóir aird a dhíriú ar mhodhanna eile a thuiscint chun cáilíocht na beatha do dhaoine atá breoite nó atá faoi mhíchumas a fheabhsú. Tá gá ach go háirithe le straitéisí chun díriú ar fholláine mhothúchánach na ndaoine atá breoite.

- Cé go mbaineann tábhacht le hoideachas i ndiaidh an dara leibhéal chun scileanna an lucht saothair a fhorbairt agus cáilíocht na hoibre a fheabhsú, ní féidir a bheith ag súil le tairbhí díreacha maidir le folláine feabhsaithe. Is iad na heisceachtaí ná daoine le leibhéil ísle oideachais sa BSN12, áit gur chóir go mbainfí leas mór as rochtain ar oideachas agus ar oiliúint a chur chun cinn maidir le folláine shuibiachtúil feabhsaithe.

- D’fhéadfaí cáilíocht na beatha de chuid na ngrúpaí leochaileacha, cosúil le daoine a bhfuil páirtí caillte acu nó tuismitheoirí aonair, a fheabhsú le hidirghabhálacha beartais atá deartha chun a gcuid leochaileachta geilleagraí i leith éigeandála airgeadais a laghdú.

- Tá cáilíocht na sochaí tábhachtach don sásamh saoil san AE15 agus sa BSN12, go háirithe do dhaoine díothacha. Gníomhaíonn ardchaighdeán na seirbhísí poiblí chun idirghabháil a dhéanamh ar éifeachtaí na gcúinsí socheacnamaíocha deacra. Ní gá go mbainfeadh an méid agus an cineál seirbhísí soláthartha le cáilíocht na seirbhísí poiblí a fheabhsú, ach conas a sholáthraítear na seirbhísí seo. Chuirfeadh tiomantas d’oscailteacht, d’fhollasacht agus d’fhreagracht na n-institiúidí poiblí feabhas ar iontaoibh sna hinstitiúidí seo, an dara tomhas ar cháilíocht na sochaí.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil ar *Subjective well-being in Europe* [Folláine shuibiachtúil san Eoraip] ar fáil ar líne ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef09108.htm

Teresa Renehan, Oifigeach Faisnéise
ter@eurofound.europa.eu